Coláiste Ráithín
Féinmheastóireacht Scoile 2024 – 2026
Uimhir rolla na scoile: 70821M

Féinmheastóireacht Scoile
Na Chéad Chéimeanna Eile
Meán Fómhair 2024 – Meitheamh 2026

↓

Ciorclán 0056/2022
2022 – 2026

Le linn na tréimhse trí bliana seo, beidh neamhspleáchas ag scoileanna fócas a FMS a roghnú, faoi réir straitéis FMS trí bliana a bheith acu a chuirfidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas:

- Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú
- Spriocanna náisiúnta folláine
- Spriocanna náisiúnta curaclaim
- Straitéisí náisiúnta eile lena n-áirítear an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna agus an Straitéis Náisiúnta um Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Beidh an tsolúbthacht ag scoileanna aghaidh a thabhairt ar na réimsí fócais seo i gcomhthráth. I gcásanna eile, féadfaidh scoileanna rogha a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar réimsí fócais i ndiaidh a chéile trí chur chuige céimnithe a úsáid. Ba chóir go léireodh an plean FMS trí bliana rún na scoile ina leith seo.

↓

Rogha tosaíochta don scoilbhliain 2024/2025
Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú – le fócas ar chaighdeán na Gaeilge agus ar chaighdeán na Matamaitice sa scoil. Chomh maith leis sin fócas ar fholláine sa scoil.

↓

Rogha tosaíochta don scoilbhliain 2025/2026
Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú. Fócas ar Straitéis Dhigiteach agus um Oideachas agus um Fhorbairt Inbunaithe. Spriocanna Náisiúnta Folláine.

Próiseas 6 chéim na Féinmheastóireachta Scoile, 2024/2025



Tábla 1 Próiseas 6 chéim na Féinmheastóireachta Scoile i gColáiste Ráithín, 2024/2025

Ainmnigh an fócas	Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú, le fócas ar chaighdeán na folláine sa scoil.
Fianaise a bhailiú	Aiseolas ó mhúinteoirí agus scoláirí. Bailithe ag cruinnithe foirne agus trí shuirbhéanna.
Déan anailís agus déan breithiúnais	•Plé agus aontú ar chuir chuige/mholtaí ó na múinteoirí agus scoláirí.
Scríobh agus roinn tuairisc agus plean feahbsúcháin	•Tuairisc agus Plean Feabhsúchán in Aguisín A
Cuir plean feabhsúcháin i bhfeidhm	•Céimeanna tógtha ag an scoil in Aguisín B
Monatóireacht agus Meastóireacht	•Uirlisí monatóirachta agus meastóireachta in Aguisín C

Próiseas 6 chéim na Féinmheastóireachta Scoile, 2025/2026



Tábla 1 Próiseas 6 chéim na Féinmheastóireachta Scoile i gColáiste Ráithín, 2025/2026

Ainmnigh an fócas	Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú, le fócas Straitéis Dhigiteach agus um Oideachas agus um Fhorbairt Inbunaithe. Spriocanna Náisiúnta Folláine.
Fianaise a bhailiú	Aiseolas ó mhúinteoirí agus scoláirí. Bailithe ag cruinnithe foirne, trí scrúdú matmaitice ón SFGM (*PDST*) agus trí shuirbé.
Déan anailís agus déan breithiúnais	•Ple agus aontú ar chuir chuige/ mholtaí ón bhfoireann agus ó na scoláirí.
Scríobh agus roinn tuairisc agus plean feahbsúcháin	•Tuairisc agus Plean Feabhsúchán in Aguisín D
Cuir plean feabhsúcháin i bhfeidhm	•Céimeanna tógtha ag an scoil in Aguisín E
Monatóireacht agus Meastóireacht	•Uirlisí monatóirachta agus meastóireachta in Aguisín F

Aguisín A
Tuairisc agus Plean Feabhsúcháin, 2024 – 2025

Fócas na meastóireachta seo
Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú, le fócas ar chaighdeán na folláine sa scoil.

Cinntí déanta ag eascairt as aiseolas ó na múinteoirí, na scoláirí agus na tuismitheoirí.

- Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide sa scoil
- Leabharlann na scoile a fhorbairt
- Coiste Eitice ag feidhmiú ar bhonn rialta
- Coiste Glás ag feidhmiú ar bhonn rialta
- Cláir a bhaineann le cothromas agus ionchuimsiú a chur i bhfeidhm
- Tá folláine phobal na scoile uile go lárnach i ráiteas éitis/físe na scoile agus bíonn ceannairí scoile agus an bhainistíocht páirteach go gníomhach i gcothú na folláine.
- Cuireann an scoil in iúl do thuismitheoirí faoi na tacaíochtaí atá ann do chothú folláine leanaí agus daoine óga.
- Tuigeann ceannairí scoile agus an bhainistíocht agus gach ball foirne go bhfuil ról ag an bpobal scoile uile maidir le tacú le foghlaim do agus foghlaim faoi fholláine.
- Tuigeann gach leanbh agus duine óg agus ball foirne an gaol atá idir gnóthachtáil acadúil agus folláine an linbh/ an duine óig.
- Tá cur chuige dearfach i leith cúrsaí smachta ann a léiríonn cúram, meas agus comhsheasmhacht nuair a bhíonn fadhb le réiteach.
- Tuigeann an scoil go bhfuil an fholláine chomh tábhachtach céanna don fhoireann agus atá sé do leanaí agus do dhaoine óga. Tá tacaíochtaí cuí ar fáil d'fholláine na foirne.
- Cuirtear deiseanna don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)ar fáil do mhúinteoirí lena dheimhniú go bhfuil an t-eolas agus an tuiscint ábhartha acu do chothú na folláine agus chun timpeallacht dhearfach a chothú sa seomra ranga.
- Cuirtear deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, don fhoireann agus do thuismitheoirí chun guth gníomhach a bheith acu sna cinntí a bhaineann le feabhsú na scoile.
- Déantar foirgneamh, tailte, seomraí ranga,seomraí folctha agus ionaid oibre na scoile a choimeád i ndea-bhail agus tá siad troscánaithe go cuí chun timpeallacht fháilteach, shlán agus theolaí a sholáthar.
- Bíonn obair, buanna agus éachtaí leanaí agus daoine óga ar taispeáint laistigh den scoil.
- Tá foirgneamh na scoile inrochtana ag gach leanbh agus duine óg agus déantar an chóiríocht a bhunathrú chun freastal ar riachtanais an uile dhuine.
- Tuigeann ceannairí scoile agus an bhainistíocht an gaol atá idir gníomhaíocht choirp agus déanann siad gníomhaíocht choirp agus bristí gluaiseachta a éascú laistigh de thimpeallacht na scoile.

- Cuirtear spás ar fáil laistigh agus lasmuigh chun idirghníomhú sóisialta, gníomhaíocht choirp agus am suaimhnis a éascú.
- Cuidíonn timpeallacht na scoile le roghanna bia shlaintiúil a chothú. Tá uisce le n-ól ar fáil
  gan dua agus baintear úsáid as duaiseanna eile seachas bia chun daltaí agus daoine óga a
  spreagadh.
- Seomra/gairdín na gcéadfaí
- Seomra/spás 'slán' do scoláirí atá i gcruachás/imníoch
- Seomra(í) do chruinnithe le tuismitheoirí, le cuairteoirí gairmiúla
- Seomra(í) do dhaoine aonair agus do ghrúpaí beaga a bhfuil gá acu le hidirghabháil agus le tacaíocht spriocdhírithe
- Sainteicneolaíocht
- Binsí páirtíochta

Beimid ag díriú ar:
Caighdeán Gaeilge na scoláirí a fheabhsú agus a fhorbairt i ngach gné den teagasc agus den fhoghlaim. Fócas ar chothromas agus ionchuimsiú i saol na scoile i gcoitinne. Feachtas uile scoile atá ann.

Aguisín B **An Plean Feabhsúcháin i bhfeidhm, 2024 – 2025**	
Gníomhartha agus Monatóireacht	**Cé atá freagrach as?**
1. Litríocht na Gaeilge a fhorbairt	Múinteoirí Gaeilge
2. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	OIDE
3. Leabharlann na scoile a fhorbairt	Príomhoide
4. Folláine sa scoil	An fhoireann iomlán
5. Coiste Eitice	Coiste Eitice
6. Cúrsa *Activating Social Empathy*	Múinteoirí OSSP
7. Ceardlanna Fuse	Múinteoirí tionóil
8. Suirbhé ar chairdeas le lucht na chéad bhliana le fócas ar chothromas agus ar ionchuimsiú	PO Tánaisteach agus Ceannaire na chéad bhliana
9. Cláir éagsúla don Choiste Glás	Louise Ní Dhúill
10. Táscairí folláine neadaithe in OSSP/OSPS/CO	Múinteoirí ranga

Aguisín C
Monatóireacht agus Meastóireacht, 2024 – 2025

An bhfuil an sprioc bainte amach? Tá

Cé chomh héifeachtach is a bhí an plean feabhsúcháin agus a chur i bhfeidhm? An-éifeachtach chun monatóireacht a dhéanamh ar ghíomhartha scoile lena chinntiú go bhfuil na spriocanna á mbaint amach ag an scoil.

- Feabhas le feiceáil i scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí (scrúduithe ranga, scrúduithe tí agus scrúduithe stáit)
- Leabharlann na scoile ar oscailt ag am lóin gach lá
- Fógraí tíreolaíochta crochta timpeall na scoile
- Coiste eitice curtha le chéile agus ag feidhmiú faoi stiúir an BOOCDCM
- Cúrsa Activating Social Empathy i bhfeidhm sna ranganna OSSP
- Ceardlanna FUSE déanta ag múinteoirí tionóil
- Torthaí suirbhé ar chaideas = Go bhfuil scoláirí sona sa scoil agus go bhfuil cairde acu.
- Coiste Glas: Bratach Glas beonnta ar an scoil

****

Aguisín D
Tuairisc agus Plean Feabhsúcháin, 2025 – 2026

Fócas na meastóireachta seo
Tosaíochtaí scoile a bhaineann go sonrach le comhthéacs i dtaca le teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú, le fócas Straitéis Dhigiteach um Oideachas agus um Fhorbairt Inbunaithe. Spriocanna Náisiúnta Folláine.

Cinntí déanta ag eascairt as aiseolas ó na múinteoirí, na scoláirí agus na tuismitheoirí.

- Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide sa scoil
- Lean le Leabharlann na scoile a fhorbairt
- Seomra ciúnais ar fáil ag am lóin
- Ardán ag scoláirí ag cruinnithe foirne chun a dtuairmí a nochtadh
- Tionól Uile Scoile ar bhonn rialta
- Trealamh teicneolaíocht a uasdátú
- Traenáil foirne le Tyro
- Traenáil foirne le Senso

Aguisín E An Plean Feabhsúcháin i bhfeidhm, 2025 – 2026	
Gníomhartha agus Monatóireacht	**Cé atá freagrach as?**
1. Litríocht na Gaeilge a fhorbairt	Múinteoirí Gaeilge
2. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	OIDE
3. Folláine sa scoil	An fhoireann iomlán
4. Leabharlann na scoile a fhorbairt	PO agus PCII
5. Áiseanna amhairc a mhéadú timpeall na scoile	PT agus Foireann iomlán
6. Ceardlanna Fuse	Múinteoirí tionóil
7. Suirbhé folláine i measc na scoláirí	PT agus múinteoirí ranga
8. Iniúcadh agus uasdátú ar threalamh teicneolaíochta	PO/PT agus PCII (Teic)

Aguisín F Monatóireacht agus Meastóireacht, 2025 – 2026
An bhfuil an sprioc bainte amach? Tá **Cé chomh héifeachtach is a bhí an plean feabhsúcháin agus a chur i bhfeidhm?** An-éifeachtach chun monatóireacht a dhéanamh ar ghíomhartha scoile lena chinntiú go bhfuil na spriocanna á mbaint amach ag an scoil. • Feabhas leanúnach le feiceáil i scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí (torthaí scrúduithe ranga, scrúduithe tí agus scrúduithe stáit) • Leabharlann na scoile ar oscailt ag am lóin gach lá • Cláir fhógraí breise timpeall na scoile • Ceardlanna FUSE déanta ag múinteoirí tionóil • Coiste Glas: Bratach Glas beonnta ar an scoil • Uasdátú ar chóras WiFi na scoile • Ríomhairí nua ceannaithe do na seomraí ríomhaireachta • Ríomhairí glúine ag Bl5 ag tosú sa scoilbhliain 2026/2027